**RÍOCHT NA BEILGE**

**SEIRBHÍS PHOIBLÍ CHÓNAIDHMEACH**
**SOGHLUAISTEACHT AGUS IOMPAR**
**-------**

**Foraithne Ríoga lena leasaítear Foraithne Ríoga an 21 Aibreán 2007 maidir le tástáil anála agus gaireas anailíse.**

PHILIPPE, Rí na mBeilgeach,

Do cách i láthair agus iad siúd atá le teacht,
**BEANNACHTAÍ**.

Ag féachaint don Dlí maidir le Póilíní um Thrácht ar Bhóithre, a comhdhlúthaíodh an 16 Márta 1968, go háirithe Airteagal 59(4), arna leasú le Dlí an 18 Iúil 1990;

Ag féachaint don Dlí lena mbunaítear an Cód Dlí Eacnamaíoch, Airteagal 8;

Ag féachaint d'Fhoraithne Ríoga an 21 Aibreán 2007 maidir le tástáil anála agus gaireas anailíse;

Ag féachaint don teachtaireacht chuig an gCoimisiún Eorpach an 17 Samhain 2023, de bhun Airteagal 5(1) de Threoir (AE) 2015/1535 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meán Fómhair 2015 lena leagtar síos nós imeachta chun faisnéis a sholáthar i réimse na rialachán teicniúil agus na rialacha maidir le seirbhísí na Sochaí Faisnéise;

Ag féachaint do chomhlachas na rialtas réigiúnacha;

Ag féachaint do thuairimí ó na Cigirí Airgeadais, arna dtabhairt an 9 Eanáir 2023, an 31 Márta 2023 agus an 18 Aibreán 2023;

Ag féachaint d'fhormheas an Rúnaí Stáit don Bhuiséad, a deonaíodh an 12 Meán Fómhair 2023;

Ag féachaint do Thuairim XXX ón gComhairle Stáit, arna tabhairt an XXX de bhun Airteagal 84(1)(1), (2) de na Dlíthe ar an gComhairle Stáit, a comhdhlúthaíodh an 12 Eanáir 1973;

Ar thogra ón Aire Geilleagair, ón Aire Soghluaisteachta agus ón Aire Dlí agus Cirt,

**D'FHORAITHNÍOMAR AGUS FORAITHNÍMID LEIS SEO:**

**Airteagal 1.** – In Airteagal 5 d'Fhoraithne Ríoga an 21 Aibreán 2007 maidir le tástáil anála agus gaireas anailíse, cuirtear na focail 'Roinn 2 de Chaibidil 2 de Theideal 3 de Leabhar VIII den Chód Dlí Eacnamaíochta' in ionad na bhfocal 'Dlí an 16 Meitheamh 1970 maidir le haonaid, caighdeáin agus ionstraimí tomhais'.

**Airteagal 2.** – Aisghairtear Airteagal 23 den Fhoraithne chéanna.

**Airteagal 3. –** In Airteagal 24(2) den Fhoraithne chéanna, cuirtear na focail ‘agus a fhad is féidir’ in ionad na bhfocal ‘go dtí go léiríonn an gaireas deireadh sampla bailí a tógadh’.

**Airteagal 4. –** In Airteagal 3.14.2 d’Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bhForaithne chéanna, arna leasú le hAirteagal 6 den Fhoraithne Ríoga an 10 Meitheamh 2014, déantar na leasuithe seo a leanas:

(1) cuirtear na focail ‘1.2’ in ionad na bhfocal ‘1.9’ gach uair;

(2) i bhfomhír 3, cuirtear na focail ‘tá an t-ábhar tar éis an méid is mó dá chumas a easanálú agus’ isteach idir na focail ‘ón nóiméad’ agus na focail ‘an t-íosmhéid’.

**Airteagal 5. –** Foráil idirthréimhseach

Féadfar leanúint d’úsáid a bhaint asGaireas anailíse anála atá bailí tráth theacht i bhfeidhm na Foraithne seo, ar choinníoll go ndéanfar iad a oiriúnú tráth abhfíorú tréimhsiúil le forálacha leasaithe Airteagal 3.14.2 d’Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bhForaithne seo.

**Airteagal 6.** – Tiocfaidh Airteagail 1 agus 2 den Fhoraithne seo i bhfeidhm an chéad lá den mhí tar éis tréimhse deich lá a bheith caite dar tosach an lá tar éis lá a fhoilsithe sa Moniteur belge.

Tiocfaidh Airteagail 3, 4 agus 5 den Fhoraithne seo i bhfeidhm ar an gcéad lá den tríú mí tar éis dheireadh tréimhse deich lá dar tús an lá tar éis lá a fhoilsithe sa Moniteur belge.

**Airteagal 7.** – Is iad an tAire Geilleagair, an tAire Dlí agus Cirt agus an tAire atá freagrach as trácht ar bhóithre atá freagrach as an bhForaithne seo a fhorghníomhú.

Arna thabhairt i , an

DE RÉIR AN RÍ:

An tAire Geilleagair,

Pierre-Yves Dermagne

An tAire Soghluaisteachta,

Georges Gilkinet

An tAire Dlí agus Cirt,

Paul Van Tigchelt